C/2024/4792

30.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11618 – INFRANITY / EURAZEO / ETIX EVERYWHERE HOLDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4792)

1. An 23 Iúil 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Infranity Equity Fund SCA SICAV-RAIF ('Infranity', an Fhrainc), faoi rialú Assicurazioni Generali (an Iodáil),

— Eurazeo Transition Infrastructure Fund ('Eurazeo', an Fhrainc), faoi rialú Eurazeo S.E. (an Fhrainc), agus

— Etix Everywhere Holding ('Etix', an Fhrainc), faoi rialú GDCG EE PTY Limited (an Astráil) agus Eurazeo.

Gheobhaidh Infranity agus Eurazeo rialú comhpháirteach ar Etix de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní í Infranity a ndéanann a bhainisteoir punainne Infranity SAS ionadaíocht air, atá corpraithe sa Fhrainc, a bhfuil speisialtóireacht aici in infheistíochtaí bonneagair agus atá faoi rialú Assicurazioni Generali, cuideachta árachais Iodálach,

— Is cuideachta infheistíochta liostaithe é Eurazeo a bhfuil a cheanncheathrú aige i bPáras agus a bhainistíonn punann de shócmhainní éagsúlaithe a dhíríonn ar thrí phríomhghníomhaíocht: cothromas príobháideach, fiachas príobháideach agus sócmhainn réadach,

— Tá Etix gníomhach i soláthar lárionad sonraí inscálaithe lena n-áirithítear nascacht ardluais trí mhoil mhóra teileachumarsáide a óstáil. Is cuideachta shealbhaíochta den ghrúpa Etix é Etix Everywhere Holding atá corpraithe sa Fhrainc agus a d'fhorbair punann de 15 lárionad sonraí sa Fhrainc, sa Bheilg agus sa Téalainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11618 – INFRANITY / EURAZEO / ETIX EVERYWHERE HOLDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË